# An Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá COVID-19

## Réamhstaitisticí

(amhail an 2 Iúil 2020)

Tá na staitisticí seo sealadach agus déanfar athbhreithniú orthu

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

## Léargas ginearálta

Tá an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá COVID-19 (SFSP) ar fáil d'fhostóirí a choinníonn fostaithe ar an bpárolla le linn na paindéime COVID-19, rud a chiallaíonn go bhféadann fostóirí ceangal a choinneáil lena bhfostaithe nuair a thagann gnó ar ais chuige féin tar éis na géarchéime.

Tá an SFSP á oibriú ag na Coimisinéirí Ioncaim tríd an gcóras párolla. Sa chéad chéim ón 26 Márta, aisíocadh fóirdheontas uasta de €410 le fostóirí incháilithe i leith gach fostaí incháilithe, is cuma ioncam an fhostaí sin. Ón 5 Bealtaine ar aghaidh, tá an SFSP bunaithe ar mheán-ghlanphá seachtainiúil gach fostaí incháilithe d'Eanáir agus Feabhra 2020, ríofa de réir na dtíolacthaí párolla a rinne an fostóir (chuig na Coimisinéirí Ioncaim) i leith na tréimhse sin.

*****

Tá breis agus 567,600 fostaí tar éis fóirdheontas a fháil ó thús na Scéime, tá 287,500 fostaí tar éis fóirdheontas a fháil le seachtain anuas agus tá sé measta go bhfuil **410,000 fostaí ag fáil tacaíochta ón Scéim**, agus fóirdheontas faighte acu ina dtréimhse phá is déanaí.

Tá breis agus 64,800 fostóir cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh an SFSP anois. **Tá breis agus 58,600 fostóir tar éis íocaíochtaí fóirdheontais a fháil faoin SFSP.**

Meastar go bhfuil 8,600 fostóir tar éis an Scéim a fhágáil, arb ionann é agus 55,400 den 155,200 eis-sreabhadh fostaí measta san iomlán.

Ar an 2 Iúil, tá breis íocaíochtaí fóirdheontais ginte ag na Coimisinéirí Ioncaim faoin scéim ar fiú €28 milliún iad. Beidh na híocaíochtaí seo ina gcuntas bainc ag an gcuid is mó de na fostóirí faoi seach faoin gcéad lá baincéireachta eile. **Is ionann €1,878 milliún agus luach carnach na n-íocaíochtaí a rinneadh faoin scéim.** San áireamh leis seo tá €149 milliún i gCáin Ioncaim atá íoctha agus a aisíocadh thar an tréimhse chéanna.

*****

Is éard atá sna táblaí ar na leathanaigh seo a leanas ná staitisticí maidir le fostóirí agus fostaithe. Léirítear sna táblaí seo eolas tosaigh agus réamheolas ar fhostóirí agus ar fhostaithe atá ag fáil na n-íocaíochtaí fóirdheontais a rinneadh faoin SFSP ó mhí an Mhárta 2020 ar aghaidh, chomh maith le gluaiseachtaí isteach agus amach ón SFSP. Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag foilsiú eolas ar fhaighteoirí an SFSP de réir aoise, inscne agus earnála.[1]

*****

[1] https://www.cso.ie/en/statistics/labourmarket/liveregister/detailedcovid-19incomesupportandliveregistertables/.

Tá tuilleadh eolais i dtaca le hoibriú an SFSP ar fáil ar www.revenue.ie. Féadtar fiosruithe staidrimh i ndáil leis an SFSP a sheoladh chuig statistics@revenue.ie.

## Tábla 1: Sreabhadh Fostaithe Isteach agus Amach ón SFSP in aghaidh na seachtaine

| | An tSeachtain dar críoch an 27 Márta | An tSeachtain dar críoch an 3 Aibreán | An tSeachtain dar críoch an 10 Aibreán | An tSeachtain dar críoch an 17 Aibreán | An tSeachtain dar críoch an 24 Aibreán | An tSeachtain dar críoch an 1 Bealtaine | An tSeachtain dar críoch an 8 Bealtaine | An tSeachtain dar críoch an 15 Bealtaine |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Faighteoirí céaduaire** | **49,000** | **115,200** | **93,000** | **43,300** | **67,900** | **85,100** | **14,500** | **11,800** |
| **Fostaithe ag fáil fóirdheontais sa tseachtain** | **49,000** | **148,800** | **208,800** | **235,300** | **284,800** | **326,800** | **251,700** | **248,100** |
| **Eis-Sreabhadh ón SFSP** | **6,900** | **9,300** | **5,900** | **7,400** | **10,700** | **16,600** | **11,600** | **12,600** |

| | An tSeachtain dar críoch an 22 Bealtaine | An tSeachtain dar críoch an 29 Bealtaine | An tSeachtain dar críoch an 5 Meitheamh | An tSeachtain dar críoch an 12 Meitheamh | An tSeachtain dar críoch an 19 Meitheamh | An tSeachtain dar críoch an 26 Meitheamh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Faighteoirí céaduaire** | **16,500** | **26,000** | **13,500** | **9,000** | **10,300** | **10,700** |
| **Fostaithe ag fáil fóirdheontais sa tseachtain** | **268,800** | **336,500** | **279,400** | **246,900** | **261,300** | **287,500** |
| **Eis-Sreabhadh ón SFSP** | **17,600** | **15,600** | **12,700** | **14,000** | **14,300** | **Ní bhaineann** |

*Braitheann líon na bhfostaithe atá ag fáil fóirdheontais SFSP in aon seachtain faoi leith ar mhinicíocht a bpá (Tábla 2B).*

*Féadfaidh sé go ndéanfaí athbhreithnithe níos suntasaí ar na sonraí eis-sreafa is déanaí atá ar fáil de réir mar a athosclaíonn an geilleagar.*


## Tábla 2: Costas an SFSP don Státchiste

Tá costas an SFSP don Státchiste (Tábla 2A) in aon seachtain faoi leith ina fhachtóir de líon na bhfostaithe ar an Scéim (Tábla 1), a n-achar ama ar an Scéim (Tábla 2C), na minicíochtaí pá a tharlaíonn le linn na seachtaine (Tábla 2B) agus suimeanna an fhóirdheontais atá á n-íoc (Tábla 6).

### 2A: Costas an SFSP don Státchiste de réir Seachtaine

| Dáta | Costas Carnach € milliún | Seachtainiúil Costas € milliún |
|---|---|---|
| Go dtí an 9 Aibreán | 155 | 155 |
| An tSeachtain dar críoch an 17 Aibreán | 300 | 145 |
| An tSeachtain dar críoch an 23 Aibreán | 430 | 130 |
| An tSeachtain dar críoch an 30 Aibreán | 712 | 282 |
| An tSeachtain dar críoch an 7 Bealtaine | 838 | 126 |
| An tSeachtain dar críoch an 14 Bealtaine | 936 | 98 |
| An tSeachtain dar críoch an 21 Bealtaine | 1,048 | 112 |
| An tSeachtain dar críoch an 28 Bealtaine | 1,244 | 196 |
| An tSeachtain dar críoch an 4 Meitheamh | 1,370 | 126 |

### 2B: Minicíochtaí Pá Fostaithe SFSP





### 2C: Achar ama na bhFostaithe ar an SFSP

| Líon na Seachtainí ar an SFSP | Sciar na bhFostaithe SFSP Reatha |
|---|---|
| 15 | 7% |
| 14 | 20% |
| 13 | 13% |
| 12 | 6% |
| 11 | 12% |
| 10 | 17% |
| 9 | 3% |
| 8 | 2% |
| 7 | 3% |
| 6 | 6% |
| 5 | 3% |
| 4 | 2% |
| 3 | 2% |
| 2 | 3% |
| 1 | 1% |
| **Gach Fostaí** | **100%** |

| | | |
|---|---|---|
| An tSeachtain dar críoch an 11 Meitheamh | 1,485 | 115 |
| An tSeachtain dar críoch an 18 Meitheamh | 1,589 | 104 |
| An tSeachtain dar críoch an 25 Meitheamh | 1,698 | 109 |
| An tSeachtain dar críoch an 2 Iúil | 1,878 | 180 |

## Tábla 3: Gluaiseachtaí idir na Scéimeanna agus chuig Fostaíocht




**Sonraí de réir earnála ar fáil in Tábla 4; **Sonraí de réir earnála ar fáil in Tábla 5.*



Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

## Tábla 4: Líon na bhFostaithe (i mílte) ag Bogadh ón SFSP go dtí Fostaíocht Neamh-SFSP

| | Ag fanacht leis an bhFostóir Céanna | | | Fostaithe ag Fostóir Nua | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Earnáil** | **Carnach** | **18 Bealtaine go 7 Meitheamh (Céim 1 den Athoscailt)** | **Ón 8 Meitheamh (Céim 2 den Athoscailt)** | **Carnach** | **18 Bealtaine go 7 Meitheamh (Céim 1 den Athoscailt)** | **Ón 8 Meitheamh (Céim 2 den Athoscailt)** |
| Airgeadas & árachas | 1.3 | 0.6 | 0.1 | 0.4 | 0.1 | 0.1 |
| Déantúsaíocht | 23.2 | 8.9 | 6.6 | 0.6 | 0.1 | 0.1 |
| Eastát réadaigh | 0.7 | 0.2 | 0.1 | 0.1 | 0.0 | 0.0 |
| Faisnéis & cumarsáid | 2.3 | 0.4 | 0.1 | 0.3 | 0.1 | 0.0 |
| Gairmiúil, eolaíochtúil & teicniúil | 3.9 | 1.4 | 0.8 | 0.4 | 0.1 | 0.1 |
| Iompar & stóráil | 10.2 | 2.2 | 1.8 | 0.3 | 0.1 | 0.1 |
| Lóistín & seirbhísí bia | 2.7 | 0.6 | 0.8 | 0.3 | 0.0 | 0.0 |
| Mianadóireacht & cairéalacht | 0.7 | 0.4 | 0.1 | 0 | 0.0 | 0.0 |
| Mórdhíol & miondíol | 26.3 | 7.1 | 11.0 | 1.2 | 0.3 | 0.2 |
| Obair sláinte & obair shóisialta | 2.0 | 0.6 | 0.6 | 0.8 | 0.2 | 0.1 |
| Oideachas | 0.4 | 0.1 | 0.0 | 0.5 | 0.2 | 0.1 |
| Riarachán poiblí & cosaint | 0.1 | 0.0 | 0.0 | 0.7 | 0.2 | 0.2 |
| Seirbhísí riaracháin & tacaíochta | 4.4 | 1.8 | 1.0 | 0.9 | 0.2 | 0.2 |
| Talmhaíocht, foraoiseacht & iascaireacht | 1.1 | 0.4 | 0.2 | 0.2 | 0.1 | 0.0 |
| Tógáil | 17.7 | 10.4 | 4.0 | 0.7 | 0.2 | 0.2 |
| Gach gníomhaíocht eile | 2.2 | 0.8 | 0.6 | 0.3 | 0.1 | 0.1 |
| **Gach Earnáil** | **99.2** | **35.9** | **28.0** | **7.6** | **2.1** | **1.5** |


## Tábla 5: Líon na bhFostaithe (i mílte) ag Bogadh ón IDP go dtí Fostaíocht SFSP ("Fostaithe athfhostaithe") agus ón IDP go dtí fostaíocht Neamh-SFSP ("Fostaithe Nua")

| | Daoine athfhostaithe | | | Fostaithe Nua | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Earnáil** | **Carnach** | **18 Bealtaine go 7 Meitheamh (Céim 1 den Athoscailt)** | **Ón 8 Meitheamh (Céim 2 den Athoscailt)** | **Carnach** | **18 Bealtaine go 7 Meitheamh (Céim 1 den Athoscailt)** | **Ón 8 Meitheamh (Céim 2 den Athoscailt)** |
| Airgeadas & árachas | 0.2 | 0.0 | 0.0 | 1.3 | 0.4 | 0.5 |
| Déantúsaíocht | 7.7 | 2.6 | 2.0 | 8.3 | 3.5 | 3.6 |
| Eastát réadaigh | 0.8 | 0.1 | 0.3 | 0.6 | 0.2 | 0.3 |
| Faisnéis & cumarsáid | 0.8 | 0.1 | 0.2 | 1.4 | 0.3 | 0.4 |
| Gairmiúil, eolaíochtúil & teicniúil | 2.9 | 0.7 | 0.8 | 3.1 | 1.2 | 1.3 |
| Iompar & stóráil | 2.2 | 0.5 | 0.3 | 2.0 | 0.8 | 0.8 |
| Lóistín & seirbhísí bia | 12.5 | 2.2 | 3.8 | 3.2 | 1.0 | 1.2 |
| Mianadóireacht & cairéalacht | 0.1 | 0.1 | 0.0 | 0.3 | 0.2 | 0.1 |
| Mórdhíol & miondíol | 20.9 | 5.5 | 9.0 | 11.8 | 4.1 | 5.9 |
| Obair sláinte & obair shóisialta | 6.1 | 0.8 | 0.8 | 4.7 | 1.4 | 1.3 |
| Oideachas | 2.1 | 0.1 | 0.1 | 1.6 | 0.4 | 0.5 |
| Riarachán poiblí & cosaint | 0.2 | 0.0 | 0.0 | 1.6 | 0.5 | 0.6 |
| Seirbhísí riaracháin & tacaíochta | 3.2 | 1.1 | 0.6 | 6.6 | 2.7 | 2.6 |
| Talmhaíocht, foraoiseacht & iascaireacht | 0.4 | 0.1 | 0.1 | 1.0 | 0.4 | 0.4 |
| Tógáil | 11.1 | 6.5 | 2.5 | 18.8 | 11.8 | 6.1 |
| Gach gníomhaíocht eile | 2.9 | 0.5 | 0.9 | 2.3 | 0.9 | 1.0 |
| **Gach Earnáil** | **73.9** | **21.0** | **21.6** | **68.8** | **29.8** | **26.3** |

## Tábla 6: Pá Breise ag Fostóirí SFSP, Suim an Fhóirdheontais agus Barrchaolú


### Dáileadh Suimeanna SFSP d'Fhostaithe*

Tá suim an fhóirdheontais SFSP a íoctar le fostaí bunaithe ar a mheán-ghlanphá seachtainiúil a fuarthas roimh an géarchéim na paindéime, faoi réir fóirdheontais uasta de €410 sa tseachtain.




*Sa Chéim Oibriúcháin (ón 5 Bealtaine ar aghaidh).*

### Sciar na bhFostaithe SFSP atá ag fáil pá óna bhFostóirí in éineacht leis an bhFóirdheontas





| Suim an Phá Breisithe* | Sciar na bhFostaithe** |
|---|---|
| €1 – €100 | 45% |
| €101 – €200 | 32% |
| €201 – €300 | 11% |
| €300+ | 13% |
| **Suimeanna na bPánna Breisithe Uile** | **100%** |

**Fostaithe a íoctar go seachtainiúil sa tseachtain is déanaí.*

***Fostaithe atá ag fáil pá breisithe.*

### Sciar na bhFostaithe a bhfuil a bhFóirdheontas Barrchaolaithe*

Faoi réir rialacha áirithe, beidh barrchaolú ar an bhfóirdheontas SFSP i bhfeidhm ar gach cás ina bhfuil an pá comhlán a íocann an fostóir móide suim an fhóirdheontais níos mó ná an meán-ghlanphá seachtainiúil roimhe seo. Cinntíonn sé seo nach mbeadh aon fhostaí níos fearr as faoin Scéim.




**Sa Chéim Oibriúcháin (ón 5 Bealtaine ar aghaidh).*

## Tábla 7: Fostaíocht, Pá agus Cáin/ÁSPC

### Gach Fostaí*

| Mí | Líon na bhFostaithe | Pá Comhlán*** | Meánphá Comhlán | Cáin Ioncaim Íoctha | MSU Íoctha | ÁSPC Fostaí | ÁSPC Fostóra | Líon na bhFostóirí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Eanáir | 1.90m | €6,187m | €3,249 | €1,077m | €211m | €220m | €595m | 153,700 |
| Feabhra | 1.88m | €5,889m | €3,136 | €1,073m | €209m | €212m | €563m | 150,400 |
| Márta | 1.87m | €6,463m | €3,460 | €1,272m | €252m | €233m | €608m | 148,700 |
| Aibreán | 1.61m | €4,745m | €2,942 | €842m | €169m | €166m | €423m | 120,400 |
| Bealtaine | 1.57m | €4,387m | €2,787 | €755m | €150m | €151m | €389m | 124,300 |
| Meitheamh** | 1.56m | €4,280m | €2,741 | €761m | €148m | €148m | €389m | 115,700 |

### Fostaithe san SFSP faoi láthair amháin


| Mí | Líon na bhFostaithe | Pá Comhlán*** | Meánphá Comhlán | Cáin Ioncaim Íoctha | MSU Íoctha | ÁSPC Fostaí | ÁSPC Fostóra | Líon na bhFostóirí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Eanáir | 0.54m | €1,530m | €2,825 | €194m | €39m | €55m | €148m | 66,100 |
| Feabhra | 0.55m | €1,391m | €2,548 | €179m | €36m | €50m | €134m | 64,600 |
| Márta | 0.54m | €1,348m | €2,478 | €167m | €33m | €47m | €128m | 63,800 |
| Aibreán | 0.51m | €577m | €1,133 | -€15m | €4m | €11m | €30m | 57,200 |
| Bealtaine | 0.51m | €474m | €936 | €22m | €1m | €7m | €20m | 59,700 |
| Meitheamh** | 0.51m | €566m | €1,117 | €29m | €9m | €12m | €33m | 58,200 |

**Ní áirítear fostaíochtaí san earnáil phoiblí, ná daoine atá ag fáil pinsin cheirde (áirítear d'fhostaithe SFSP); **Tá sonraí mhí an Mheithimh bunaithe ar dhuillíní pá atá tíolactha faoi láthair; ***Ní fholaíonn suim an fhóirdheontais pá comhlán d'fhostaithe SFSP.*

## Tábla 8: Fostóirí san SFSP

| Earnáil | Sciar na bhFostóirí san SFSP* | Fostóirí SFSP mar % de na Fostóirí Uile* |
|---|---|---|
| Airgeadas & árachas | 1.4% | 16% |
| Déantúsaíocht | 7.8% | 51% |
| Na healaíona, siamsaíocht & fóillíocht | 2.5% | 48% |
| Eastát réadaigh | 2.1% | 28% |
| Fóntais | 0.5% | 35% |
| Gníomhaíochtaí teaghlaigh mar fhostóirí | 0.1% | 6% |
| Iompar & stóráil | 3.8% | 40% |
| Lóistín & seirbhísí bia | 8.3% | 36% |
| Oideachas | 3.2% | 33% |
| Riarachán poiblí & cosaint | 0.7% | 15% |
| Seirbhísí gairmiúla & teicniúla | 13.3% | 35% |
| Seirbhísí riaracháin & tacaíochta | 4.7% | 40% |
| Sláinte dhaonna & obair shóisialta | 6.8% | 44% |
| Talmhaíocht, foraoiseacht & iascaireacht | 1.8% | 8% |
| TFC & seirbhísí eile faisnéise | 2.2% | 19% |
| Tógáil | 16.9% | 42% |
| Trádáil mórdhíola & miondíola | 20.4% | 46% |
| Seirbhísí eile | 3.4% | 21% |
| **Gach Earnáil** | **100%** | **35%** |

### Sciar na bhFostóirí SFSP ag fáil Aisíocaíochtaí






Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

*Ríomhtar é in aghaidh líon iomlán na bhFostóirí cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim i mí Eanáir/mí Feabhra 2020, gan fostaithe san earnáil phoiblí nó soláthraithe pinsean san áireamh.*